# Sonraí Dísle

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Sonraí - seans, sonraí a léiriú agus a léirmhíniú, cur in ord, sortáil, graif<br>*Comhtháthú - Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cumarsáid agus cur in iúl - na próisis a d'úsáidfí mar aon le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a phlé agus a mhíniú ar bhealach eagraithe.<br>• Réasúnaíocht - boinn le próisis agus le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a thabhairt<br>• Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | seans, dóchúlacht, dóchúil, níos dóchúla, neamhdhóchúil, seans cothrom, dodhéanta, cinnte, hipitéis, tuar, minicíocht, corr, réidh, cearnach, príomha, ilchodach, fachtóir, iolraí, graf, cairt, tábla, sonraí, torthaí, ráiteas, conclúid |
| **Áiseanna** | dísle, ábhair chun torthaí a thaifeadadh agus chun sonraí a chur i láthair |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeáin dísle 1-6 don rang, nó tabhair dísle do gach duine sa rang. Pléigh na líonta difriúla spotaí ar gach taobh den dísle. Úsáid ceisteanna oscailte agus dúnta chun dul siar ar theanga an tseans/dóchúlachta.

### 2 Gníomhaíocht 2

Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag oibriú i ngrúpaí i mbeirteanna le 2 dhísle. Caithfidh siad an dísle 10 n-uaire agus déanfaidh siad a dteaglamaí agus an t-iomlán do gach caitheamh a thaifeadadh. Spreag iad chun tuartha a chur chun cinn maidir leis na hiomláin is dóchúla, nó is neamhdhóchúla tarlú. Tar éis deich gcaitheamh, cuireann siad a gcuid sonraí le sonraí ó dhá bheirt eile chun grúpa de sheisear a chruthú. Beidh na torthaí ag an ngrúpa seo ar thríocha caitheamh an dísle. Mol dóibh bealaí éagsúla chun a gcuid sonraí a eagrú agus a chur i láthair a aimsiú. Spreag iad chun patrúin a chuardach ina gcuid torthaí agus tátail a bhaint astu. Mar shampla, an bhfuil iomláin ann atá níos dóchúla nó níos neamhdhóchúla ná iomláin eile?

### 3 Gníomhaíocht 3

Tabhair na tacair sonraí ó gach grúpa sa rang le chéile chun tacar sonraí an ranga ar fad a chruthú. Spreag iad chun tuar a dhéanamh cé acu a leanfaidh na patrúin ar aghaidh a d'aimsigh siad ina ngrúpaí, nó nach leanfaidh nuair a mhéadófar an tacar sonraí.

### 4 Gníomhaíocht 4

I mbeirteanna, cuireann na daltaí sonraí an ranga ar fad i láthair i dtábla, graf nó cairt dá rogha féin. Ansin, cruthaíonn siad ráitis bunaithe air sin agus cruthaíonn siad ceisteanna a fhreagróidh na daltaí eile.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na huimhreacha atá indéanta ar dhísle 1-6?<br>• Cad iad na huimhreacha nach bhfuil indéanta ar dhísle 1-6?<br>• Cad é an dóchúlacht go gcaithfear corruimhir/ ré-uimhir/uimhir phríomha/ uimhir ilchodach/ uimhir chearnach?<br>• Cad é an dóchúlacht go gcaithfear fachtóir/iolraí ar x?<br>• Cé acu de na hiomláin atá dodhéanta, is dóchúla nó níos neamhdhóchúla go dtarlóidh siad?<br>• Cad iad na raonta d'iomlán a bhfuil seans cothrom ann go dtarlóidh siad? | • Cad iad na patrúin a thug tú faoi deara nuair a chaith tú an dísle i do bheirt?<br>• Cad iad na patrúin a thug tú faoi deara ó na sonraí i do ghrúpa de sheisear?<br>• An féidir leat hipitéis nó tuar a dhéanamh bunaithe ar do shonraí?<br>• Cad iad na caíonna ar féidir leat do hipitéisí a thástáil?<br>• Cén fáth ar eagraigh/ar chuir tú do sonraí i láthair ar an gcaoi seo?<br>• An féidir leat ráiteas a dhéanamh bunaithe ar do thacar sonraí?<br>• An mbeadh do ráiteas fíor fós dá n-athródh méid an tacair sonraí? |

## Difreáil

Socraigh ceisteanna faoi shonraí, roghanna maidir le sonraí a eagrú agus a chur i láthair de réir thuiscint na ndaltaí.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.